Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 22 Meitheamh 2026**
**(OR. en, fr)**

**10752/26**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0359(COD)**

**CODEC 1236**
**SIMPL 150**
**ANTICI 156**
**DATAPROTECT 210**
**CYBER 304**
**TELECOM 329**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialacháin (AE) 2024/1689, (AE) 2018/1139 agus (AE) 2023/1230 a mhéid a bhaineann le simpliú cur chun feidhme rialacha comhchuibhithe maidir leis an intleacht shaorga (Omnibus Digiteach maidir leis an intleacht shaorga) **(an chéad léamh)**<br>– Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>– Ráitis |

**D'iarr an Bheilg go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Is díol sásaimh don Bheilg an dul chun cinn suntasach a rinneadh san Omnibus Digiteach maidir le IS mar thoradh ar phlé cuiditheach, agus athdhearbhaíonn sí a thiomanta atá sí cothromaíocht a bhaint amach idir simpliú agus cearta bunúsacha a chosaint - cothromaíocht a baineadh amach sa téacs seo agus dá bhrí sin tacaímid leis.

Chuirfimis chun suntais go háirithe a thábhachtaí atá an leasú lena gcuirtear cosc ar chórais IS atá in ann ábhar gáirsiúil neamhthoiliúil a ghiniúint. Is saincheist thábhachtach í seo nach mór aghaidh a thabhairt uirthi, go háirithe d'fhonn cosaint leordhóthanach réamhghníomhach a thabhairt sa réimse seo. Tá an comhaontú ag brath ar an mbeart sin, atá go hiomlán i gcomhréir le luachanna na hEorpa.

Ina theannta sin, ba mhian linn filleadh ar dhá phointe atá fós fadhbach.

Ar an gcéad dul síos, cé go dtuigimid gur dúshláin theicniúla is cúis leis an tréimhse chairde le lipéadú ábhar IS-ghinte, is oth linn gur cuireadh siar an oibleagáid seo. Is é ár dtuairim go bhfuil ceisteanna móra ann mar gheall air seo i ndáil le daoine aonair a chosaint agus le trédhearcacht maidir le domhainbhrionnú, ar saincheisteanna iad nach féidir a chur siar gan riosca suntasach.

Ar an dara dul síos, is díol sásaimh dúinn na soiléirithe maidir le claontacht a bhrath, ach is oth linn nár soiléiríodh a thuilleadh coincheap an dianriachtanais agus nár moladh a thuilleadh úsáid réitigh mhalartacha, sonraí sintéiseacha mar shampla, chun cur chuige cothrom freagrach a áirithiú.

**D’iarr an Coimisiún go gcuirfí an ráiteas seo a leanas isteach i miontuairiscí na Comhairle**

Is díol sásaimh don Choimisiún an comhaontú polaitiúil ar tháinig Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle air i ndáil leis an Omnibus Digiteach maidir leis an intleacht shaorga.

An tráth céanna, is cúis mhór imní don Choimisiún rogha na sprioc-amanna a ghabhann le dhá chúram thábhachtacha leantacha a chuirtear ar an gCoimisiún. Foráiltear sa Rialachán a comhaontaíodh, i measc nithe eile, gur cheart don Choimisiún an méid seo a leanas a dhéanamh:

1. gníomhartha tarmligthe a ghlacadh faoin 2 Lúnasa 2027 lena sonraítear cé acu a fhéadfar nó nach bhféadfar ceanglais áirithe den Ghníomh um an Intleacht Shaorga a theorannú i gcás na gcóras intleachta saorga ardriosca dá dtagraítear in Airteagal 6(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga agus na coinníollacha faoina bhféadfar sin a dhéanamh toisc go n áirithítear leibhéal coibhéiseach cosanta nó leibhéal níos airde cosanta cheana le reachtaíocht earnála, agus

2. treoirlínte a fhorbairt faoin 1 Lúnasa 2027 maidir leis an idirghníomhú idir ceanglais intleachta saorga ardriosca agus reachtaíocht earnála.

Tacaíonn an Coimisiún go hiomlán leis an gcuspóir feabhas a chur ar an gcomhlántacht idir an Gníomh um an Intleacht Shaorga agus reachtaíocht earnála maidir le táirgí. Tá sé ríthábhachtach dúbailt neamhriachtanach a sheachaint ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, iomaíochas agus cur chun feidhme éifeachtach. Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil an comhaontú ar thángthas air maidir le Omnibus IS comhleanúnach lena thogra le haghaidh athbhreithniú ar na Rialacháin maidir le Feistí Leighis (COM(2025)1023) agus, dá bhrí sin, ní dhéanann sé difear don togra sin.

A mhéid a bhaineann le pointe 1 thuas, measann an Coimisiún go mbaineann luach an tsásra nua sin go díreach lena chumas aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comhlántachta ar bhonn leanúnach, ós rud é go nglactar rialacha nua earnáilsonracha atá ábhartha do chórais intleachta saorga faoi reachtaíocht chomhchuibhithe an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an nGníomh um an Intleacht Shaorga agus ós rud é go dtagann forluí nithiúil chun cinn. Dá bhrí sin, tá fadhbanna ag baint leis an sprioc-am, ós rud é go bhfuil an baol ann go ndéanfar cleachtadh aonuaire den sásra sin agus go bhféadfadh sé teorainn a chur le cumas an Choimisiúin gníomhú i gcás ina sainaithnítear forluí nua tar éis an measúnú earnáilsonrach a dhéanamh faoin dáta thuasluaite.

Ar an dara dul síos, i ndáil le pointe 2 thuas, beidh gá le hanailís chúramach a dhéanamh ar fhorbairt treoirlínte maidir leis an idirghníomhú idir ceanglais intleachta saorga ardriosca agus reachtaíocht earnála, agus ní mór an toradh a bheith láidir, praiticiúil agus soiléir ó thaobh an dlí de. Ó cuireadh siar go dtí an 2 Lúnasa 2028 teacht i bhfeidhm na gceanglas ardriosca maidir le córais intleachta saorga ardriosca dá dtagraítear in Airteagal 6(1) den Ghníomh um an Intleacht Shaorga, le sprioc-am chun na treoirlínte a ghlacadh maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil roinnt de na ceanglais sin bliain iomlán roimh an teacht i bhfeidhm sin, d’fhéadfaí forbairt uirlisí tacaíochta iontaofa le haghaidh earnáil na tionsclaíochta agus na n údarás a chur i mbaol.